

Landscape Character Types

Dréacht Plean Forbartha Fhine Gall 2017 - 2023

BONNEAGAR GLAS LÉARSCÁIL 1

Uimh. Bhileoige 14

Cuspóirí Sonracha

- Reilig Stairiúil
- Déanmhais Chosanta
- Séadchomharthaí Taifeadta
- Radhairc a Chaomhnú
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Tírdhreach An-Íogair
- Trá
- Shuíomh Oidhreachta Chontae Geolaíochta
- Limistéar ag a bhfuil Tréithe Tírdhreacha Stairiúil
- Spás Oscailte
- SAAO Ghleann na Life agus SAOO Bhinn Éadair a Moladh
- Crios Maolánach LCA Bhinn Éadair

Féach ar an Innéacs / ar Bhileog Straitéise 1 i gcomhair Cur Síos ar na Criosanna

Cuspóirí Mapáilte i dtaobh Bonneagar Glas

GIM1	Moil nua Áineasa Gníomhaí a chur ar fáil i bPáirc Réigiúnach Bhrí Mhór, i bPáirc Chaitríona (An Ros), Lusca, Domhnach Bat, Baile na Móna/An Seanbhaile (Sord), Draighneán, Ráschúrsa Bhaile Dúill agus Ráschúrsa Pháirc an Fhionnuisce
GIM2	An oidhreacht nádúrtha agus an oidhreacht thógtha a chosaint ina leith seo a leanas (lena n-áirítear suíomhanna stairiúla, tírdhreacha agus gairdíní tábhachtacha, agus taitneamhachtaí poiblí suntasacha á soláthar): Caisleán agus Páirc Bhrí Mhór, Caisleán agus Diméin Ard Giolláin, Teach agus Diméin an Droichid Nua, Caisleán agus Diméin Mhullach Íde, Caisleán agus Páirc Shoird, Diméin Sheantraibh agus Páirc na Feá (Cluain Saileach)
GIM3	Uasghrádú agus feabhsú a dhéanamh ar Pháirc Réigiúnach Bhrí Mhór, Páirc Ghleann an Bharda, Páirc Ghleann na Tulchainn agus Páirc na Mílaoise, Baile Bhlainséir
GIM4	Cothabháil agus caomhnú cuí a spreagadh i dtaobh na dTúr Martello i mBinn Éadair, Baile Brigín agus sna Sceirí, atá faoi úinéireacht na Comhairle
GIM5	Cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar Ionad na healaíona Séamus Ennis mar ionad tábhachtach i gcomhair na n-ealaíon traidisiúnta
GIM6	Uasghrádú a dhéanamh ar na Moil Áineasa Gníomhaí atá sna Sceirí, i gCoill an Droma (Sord), i nGort na Giolcaí (Mullach Íde), i mBaile an Hartaigh, i mBaile an Phóirtéaraigh agus i bPáirc Chaitríona (Gleann na Life)
GIM7	Tabhairt faoi Thréithriú Tírdhreacha Stairiúil (TTS) maidir le limistéar an Rois, Lusca, Loch Sionnaigh agus na Sceirí, lena n-áireofaí an talamh ar fad siar ó Mhótarbhealach an M1 idir na limistéir atá clúdaithe ag na staidéir TTS i mBaile Brigín agus i nDomhnach Bat/Port Reachrann
GIM8	Páirceanna Réigiúnacha nua a chur ar fáil sna háiteanna seo a leanas: Lána Bhaile Amhlaoibh, Baile na Móna/An Seanbhaile (Sord), Baile Dúill, agus Dún Sinche, faoi réir Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí
GIM9	Clár leanúnach monatóireachta cósta a bhunú chun faisnéis a sholáthar maidir le creimeadh cósta
GIM10	Féachaint leis an gCanáil Ríoga a fhorbairt mar thaitneamhacht phoiblí shuntasach, agus a hoidhreacht nádúrtha agus a hoidhreacht thógtha á gcosaint
GIM11	Tabhairt faoi Thréithriú Tírdhreacha Stairiúil (TTS) i leith Ghleann na Life lena n-áireofaí gach limistéar Tírdhreacha Ard-Íogair ó thuaidh ón Life
GIM12	Muilte Anna Liffey a fhorbairt mar thaitneamhacht phoiblí shuntasach i nGleann na Life agus oidhreacht ailtireachta agus oidhreacht thionsclaíoch an fhoirgnimh á gcosaint
GIM13	Féachaint an bhféadfaí síneadh a chur le Limistéar Taitneamhachta Speisialta Ghleann na Life ionas go n-áireofaí leis tailte ó theorainn Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chuig an teorainn le Contae Chill Dara
GIM14	Na Pleananna Bainistíochta i leith Limistéir Taitneamhachta Speisialta Bhinn Éadair agus Ghleann na Life a chur chun feidhme agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, de réir mar is cuí, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir
GIM15	Radhairc ar Ardtailte Fhine Gall a chosaint sa limistéar ardtailte féin, mar aon leis na radhairc i gcéin i dtreo ardtailte Chnoic na hAille
GIM16	A spreagadh go ndéanfaí fálta sceach, crainn agus grúpaí beaga coillearnaí a chur agus a choinneáil i limistéar ardtalún Chnoic na hAille
GIM17	Radhairc a chosaint i limistéar Ardtailte Fhine Gall agus radhairc ar an limistéar ardtailte sin ó lasmuigh a chosaint freisin
GIM18	A spreagadh go ndéanfaí fálta sceach, crainn agus grúpaí beaga coillearnaí a chur agus a choinneáil in áiteanna cuí
GIM19	Féachaint le bealaí siúil a bhunú thar na cnoic agus timpeall orthu ar bhóithríní atá ann cheana agus in áiteanna eile a bhfuil ceart slí ann ina dtaobh
GIM20	Radhairc a chosaint i limistéar Ardtailte Fhine Gall agus radhairc ar an limistéar ardtailte sin ó lasmuigh a chosaint freisin
GIM21	Gan eastáit tithíochta ilaonad a cheadú i Limistéar an Chladaigh Theas sa Ros

Tabhair do d'aire

Chun eolas níos sonraí a fháil, iarrtar ort féachaint ar an Ráiteas Scriofa agus/nó na hAguisíní agus na Léarscáileanna Bonneagair Ghlais

Chun féachaint ar shonraí faoi Limistéir Séadchomharthaí agus Áiteanna OOP, féach www.archaeology.ie/publications-forms-legislation/record-of-monuments-and-places

Léarscáil Innéacs Bileoige



Fingal Development Plan
2017-2023
Be part of it.

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

An Roinn um Pleanáil agus Infrastruchtúr Straitéiseach
Planning and Strategic Infrastructure Department

Stiúrthóir Seirbhísí : Ann Marie Farrelly	Dáta: Fheabhra 2016
Pleanálaí Sinsearach : Matthew McAleese	Scála @ A0 1:40,000

© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Gach ceart ar cosaint.
Uimhir cheadúnais 2016/24/CCMAIComhairleContaeFhineGall